C/2025/5133

22.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11914 — MOWI / NOVA SEA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5133)

1. An 12 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mowi Holding AS ('Mowi', an Iorua),

— Nova Sea AS ('Nova Sea', an Iorua).

Gheobhaidh Mowi rialú aonair ar Nova Sea ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta dhomhanda bia mara é Mowi agus táirgeoir bradán Atlantach saothraithe de chuid na hIorua, a oibríonn ar fud an tslabhra luacha iomláin trí bheatha, feirmeoireacht agus díolacháin agus próiseáil dhomhanda,

— Is cuideachta bia mara Ioruach í Nova Sea, nach bhfuil gníomhach ach i bhfeirmeoireacht agus i bpróiseáil phríomhúil bhradán Atlantach saothraithe de chuid na hIorua san Iorua.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11914 — MOWI / NOVA SEA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').